Acmhainn 1 (Gníomh 1)

Plean Gníomhaíochta A Dhéanamh

1. **Aimsigh an Aidhm/Sprioc.**
   Cad é go díreach ba mhaith leat?

   ---

2. **Cuir na Gníomhaíochtaí in Ord Tosaíochta.**
   Cén ceann is mó tábhacht?

   ---

3. **Bainistíocht Ama.**
   An mbeidh go leor ama agat chun seo a dhéanamh? Cén uair a dhéanfaidh tú seo?

   ---

4. **Leag Síos Critéir Ratha**
   Cad é mar a bheidh a fhios agat gur éirigh leat? Cad iad na rudaí a bheidh i ndiaidh tarlú?
   Cad é a bheidh bainte amach agat?

   ---

5. **Céimeanna le m'Aidhm/Sprioc a Bhaint Amach**
   Cad é mar a dhéanfaidh tú seo? (Is dócha go mbeidh ort seo a mhiondealú a thuilleadh, ar leathanach eile, ag léiriú na céimeanna atá le tógáil. Ná scríobh ach na príomhsmaointe anseo.

   ---

6. **Déan Monatóireacht agus Measúnú**
   Ar éirigh leis? Cad iad na hathruithe le go mbeadh feabhsú ar chúrsaí an chéad uair eile?

Acmhainn 2 (Gníomh 1)

Leideanna Faoin Staidéar Éifeachtach

Moll mór faisnéise a mhiondealú sa dóigh gur fusa cuimhne a choinneáil uirthi

- Sula dtosaíonn tú, scríobh síos roinnt ceisteanna ar mhaith leat freagra orthu agus breac síos na freagraí de réir mar a thiocfaidh tú orthu sa téacs.
- Lorg eochairfhocail agus aibhsigh iad agus tú ag léamh
- Breathnaigh pictiúir nó léaráidí ar bith a théann leis an téacs le feiceáil an dtugann siad faisnéis atá de dhíth ort duit.
- Scríobh gach eochairphointe ar chárta ar leith – is fusa foghlaim ó smutáin bheaga faisnéise seachas ó shliocht fada amháin. Tabhair na cártái leat agus amharc orthu nuair atá am le spáráil agat.

Rímeanna, acrainmneacha agus ceol a úsáid

- Cum abairtí ina seasann an chéad litir de gach focal don chéad litir de na focail a gcaithfidh tú cuimhne a choinneáil orthu., m.sh. do ord na bpláinéad, 'My Very Energetic Mother Jumps Superbly Under No Pressure'. Cum abairt atá pearsanta duit – is fusa cuimhne a dhéanamh uirthi.
- Bain úsáid as acrainm. Mar shampla, is acrainm é SPECS ar chúig ghné na sláinte.
- Cuir faisnéis ar ghá duit cuimhne a choineáil uirthi le fonn amhráin.

Mapaí Meabhrach agus Léaráidí

- Cuireann mapaí meabhrach an fhaisnéis uile atá de dhíth ort i láthair i bhformáid damhánmhapa. Úsáid pictiúir agus eochairfhocail leis an fhaisnéis a léiriú.
- Mura maith leat a bheith ag léamh, úsáid a oiread léaráidí agus is féidir.

Cluichí agus Tráthanna na gCeist

- Tá iliomad cluichí ar an Idirlíon le cuidiú le d'fhoghlaim. Níl le déanamh ach an príomhábhar a chlóscríobh isteach in inneall cuardaigh agus féachaint cad é a thagann ar ais. Is féidir leideanna faoi theicnící staidéir agus athbhreithnithe a aimsiú fosta.
- Agus tú ag léamh, scríobh ceisteanna a bhfuil a bhfreagraí ar fáil sa téacs. Ina dhiaidh, faigh amach an féidir leat na ceisteanna a fhreagairt.